Gealltanas i leith Caighdeáin i gCleachtas Tiomsaithe Airgid

Mar charthanas cláraithe déanann Gael Linn airgead a thiomsú. Táimid iomlán tiomanta do na caighdeáin, atá sa Ráiteas de Threoirphrionsabail um Thiomsú Airgid, a bhaint amach. Bhreithníomar an Ráiteas agus creidimid go bhfuil na caighdeáin leagtha amach ann bainte amach againn.

Tiomnaímid do seo trí:

- a dheimhniú go bhfeidhmíonn aon duine bainteach le tiomsú airgid ag na caighdeáin is airde de chuntasacht agus d'oscailteacht agus go leanann siad dea-chleachtas tiomsaithe airgid;

- a ráthú go gclárófar airgead a fhaightear ó thacadóirí go hiomlán, go cruinn agus go pras i dtaifid airgeadais na heagraíochta;

- ardleibhéil cuntasachta agus oscailteachta a chur ar fáil dár dtacadóirí agus don phobal;

- soiléire agus cinnteacht a sholáthar maidir le conas a chaitear d'airgead.

Táimid iomlán tiomanta do na caighdeáin, atá sa Ráiteas de Threoirphrionsabail um Thiomsú Airgid, a bhaint amach agus a choinneáil, ráiteas a d'fhorbair An Grúpa Carthanais Éireann um Athchóiriú Cánach (ICTR).